AN OIFIG UM CHLÁRÚ CUIDEACHTAÍ
COMPANIES REGISTRATION OFFICE

# SE2

*Societas Europaea sealbhaíochta a fhoirmiú*

Airteagal 2(2) de Rialachán 2157/2001 ón gComhairle
Rialacháin 4(1)(b) agus 28 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cuideachta Phoiblí Eorpach atá Teoranta ó thaobh Dliteanais) 2007
Alt 22(2)/24 Acht na gCuideachtaí 2014

Uimhir na Cuideachta
*(úsáid oifige amháin)*

☐☐☐☐☐☐☐

**Cuir tic sa bhosca má tá banna faoi iamh** ☐ *nóta a hocht*

Stampa dáta faighe CRO & barcode

**Comhlánaigh le do thoil trí úsáid a bhaint as clóscríobh dubh nó as BLOCLITREACHA, agus déan tagairt do na nótaí íniúcháin**

**Ainm an SE**
*ina iomláine/ nóta a haon*

**Oifig Chláraithe**
*nóta a dó*

Postcód

☐ *Más iomchuí, cuir tic sa bhosca – i gcás inar le gníomhaire an seoladh oifige cláraithe.*

Tá oifig chláraithe na cuideachta (sonraithe thuas) faoi chúram gníomhaire sonraithe, ar gníomhaire é nó í a bhfuil oifig aige nó aici sa Stát agus atá údaraithe chun na críche sin ag an gCláraitheoir.

Ainm Cuideachta an Ghníomhaire Oifigí Cláraithe:

Uimhir Cuideachta an Ghníomhaire Oifigí Cláraithe: ☐☐☐☐☐☐☐☐

**Deireadh na bliana airgeadais atá beartaithe**
*nóta a trí*

| Lá | Mí | Bliain |
|---|---|---|
| | | |

**Mionsonraí an deontóra**
*nóta a sé*

Duine lenar féidir fiosruithe a dhéanamh

| | | |
|---|---|---|
| Ainm | | |
| Seoladh | | |
| | | |
| Uimhir teileafóin | | Uimhir faics |
| Ríomhphost | | Teagmhálaí |
| Uimhir/Malartán DX | | Uimhir thagartha |

**Bunreacht**
*seachadta ag gníomhaire*

**I gcás ina ndéanfaidh duine ag gníomhú mar ghníomhaire do shíntiúsóirí an bunreacht a sheachadadh chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí, cuir tic sa bhosca thíos agus tabhairt sonraí an ghníomhaire.**

☐ Ainm

Seoladh

**Sonraí an rúnaí**

**Tabhair sonraí thíos le do thoil a bhaineann leis an duine a bhfuil toiliú tugtha aige i scríbhinn gníomhú mar rúnaí.**

Sloinne

Ceadainm
*nóta a ceathair*

Sloinne roimhe seo

Céadainm roimhe seo
*nóta a cúig*

Dáta breithe — Lá / Mí / Bliain

Uimhir an chomhlachta chorpraithe
*(más infheidhme)*

Ainm an chomhlachta chorpraithe
*(más infheidhme)*

Seoladh cónaite nó oifig chláraithe
*(más infheidhme)*
*nóta a ceathair*

Postcód

Clárú
*nóta a ceathair*
*(más infheidhme)*

Toiliú

Toilím leis seo gníomhú mar rúnaí ar an gcuideachta luaite roimhe seo agus aithním mar rúnaí go bhfuil dualgais agus oibleagáidí dlíthiúla orm faoi Acht na gCuideachtaí, reachtanna eile agus dlí coiteann.

Síniú

Dáta

**Ríomhphost na cuideachta**

*Ainmnigh seoladh ríomhphoist le do thoil. Seolfar an deimhniú corpraithe chuig an seoladh ríomhphoist sin i bhformáid leictreonach. Tá an fhaisnéis sin de dhíth.*

**Doiciméid atá ceangailte**
*nóta a ceathair dhéag*

**Dearbhaigh le do thoil go bhfuil na doiciméid seo a leanas i gceangal leis an bhfoirm seo:**

☐ Reachtanna an SE sealbhaíochta atá beartaithe

☐ Tuarascáil nó tuarascálacha scríofa ag saineolaithe neamhspleácha arna tabhairt nó arna dtabhairt de bhun Airteagal 32(4) de Rialachán 2157/2001/CE ón gComhairle

☐ Cóipeanna de rúin na gcuideachtaí seolta ag ceadú na ndréacht-téarmaí do bhunú an SE sealbhaíochta atá beartaithe de bhun Airteagal 32(6) de Rialachán 2157/2001/CE ón gComhairle

☐ Foirm SE13

**Agus, más infheidhme, go bhfuil an doiciméad seo a leanas ag gabháil leis an bhfoirm seo:**

☐ Cóipeanna de rúin na gcuideachtaí seolta ag déanamh daingniú sainráite ar Rannpháirtíocht na bhfostaithe *nóta a cúig dhéag*

**Sonraí Stiúrthóra**

***lena n-áirítear stiúrthóirí ionaid / scáthstiúrthóirí***

**Tabhair sonraí thíos le do thoil maidir leis na daoine a bhfuil toiliú tugtha acu i scríbhinn gníomhú mar stiúrthóirí.** *nóta a hocht*

Sloinne

Ceadainm
*nóta a ceathair*

Sloinne roimhe seo

Céadainm roimhe seo
*nóta a cúig*

Dáta breithe — Lá / Mí / Bliain

Seoladh cónaithe
*nóta a ceathair*

Postchód

Cónaitheoir LEE *nóta a hocht*

Gairm ghnó

Náisiúntacht

Stiúrthóir malairte
*nóta a naoi*

Stiúrthóir iomlán a cheapfaidh an stiúrthóir ionaid
*nóta a naoi*

Stiúrthóireachtaí eile
*(anuas agus faoi láthair)*

| Cuideachta/SE *nóta a deich* | Ionad corpraithe | Uimhir cuideachta |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |

Toiliú

Toilím leis seo gníomhú mar stiúrthóir ar an gcuideachta luaite roimhe seo agus aithním mar stiúrthóir go bhfuil dualgais agus oibleagáidí dlíthiúla orm faoi Acht na gCuideachtaí, reachtanna eile agus dlí coiteann

Síniú

Dáta

---

Sloinne

Ceadainm
*nóta a ceathair*

Sloinne roimhe seo

Céadainm roimhe seo
*nóta a cúig*

Dáta breithe — Lá / Mí / Bliain

Seoladh cónaithe
*nóta a ceathair*

Postchód

Cónaitheoir LEE *nóta a hocht*

Gairm ghnó

Náisiúntacht

Stiúrthóir malairte
*nóta a naoi*

Stiúrthóir iomlán a cheapfaidh an stiúrthóir ionaid
*nóta a naoi*

Stiúrthóireachtaí eile
*(anuas agus faoi láthair)*

| Cuideachta/SE *nóta a deich* | Ionad corpraithe | Uimhir cuideachta |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |

Toiliú

Toilím leis seo gníomhú mar stiúrthóir ar an gcuideachta luaite roimhe seo agus aithním mar stiúrthóir go bhfuil dualgais agus oibleagáidí dlíthiúla orm faoi Acht na gCuideachtaí, reachtanna eile agus dlí coiteann

Síniú

Dáta

**Sonraí na cuideachta seolta**

Ainm na cuideachta

uimhir chláraithe *(más infheidhme)*

Ainm an Bhallstáit agus seoladh na clárlainne ina bhfuil na doiciméid comhdaithe

Oifig chláraithe na cuideachta:

Ainm na cuideachta

uimhir chláraithe *(más infheidhme)*

Ainm an Bhallstáit agus seoladh na clárlainne ina bhfuil na doiciméid comhdaithe

Oifig chláraithe na cuideachta:

---

**Rannpháirtithe an mheamraim**

*nóta a haon dhéag*

| Síniú/Sínithe | Sínitheoir | Gníomhaire | Dáta |
|---|---|---|---|
| | ☐ | ☐ | |
| | ☐ | ☐ | |
| | ☐ | ☐ | |
| | ☐ | ☐ | |
| | ☐ | ☐ | |
| | ☐ | ☐ | |
| | ☐ | ☐ | |

*Cuir tic i mbosca amháin*

---

**Caipiteal SE**

*nóta a dó dhéag*

Luach iomlán na scaireanna údaraithe: €/__

Líon iomlán na scaireanna údaraithe

arna gcur le chéile mar seo a leanas

| Aicme na scaireanna údaraithe | Líon i ngach aicme | Luach gach scair €/__ |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |

Luach iomlán na scaireanna eisithe: €/__

Líon iomlán na scaireanna eisithe

arna gcur le chéile mar seo a leanas

| Aicme na scaireanna eisithe | Líon i ngach aicme | Comaoin do gach scair *nóta a trí dhéag* |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |

**Dearbhú comhlíonadh agus Dearbhú faoi Alt 24**

*nóta a sé déag*

**Dearbhaím**
*ainm i gcló trom*

**den**
*seoladh cónaitheach*

**go sollúnta agus go fíreanta gur** *nóta a ceathair déag*

☐ Stiúrthóir ☐ Rúnaí ☐ Aturnae atá ag gníomhú i mbunú na cuideachta *nóta a seacht déag*

mé agus go bhfuil riachtanais uile Acht na gCuideachtaí maidir le clárú na cuideachta sin,agus le gnéithe eile a bhaineann agus a ghabhann le sin comhlíonta agus go bhfuil an Fhoirm SE1 comhlíonta de réir Nótaí Comhlánúcháin Fhoirm SE2

**Dearbhaím ina theannta** sin gurb é an cuspóir, nó ceann de na cuspóirí, atá le bunú na cuideachta, ná tabhairt faoi ghníomhaíocht sa Stát, agus go bhfeictear domsa gur féidir

(a) an ghníomhaíocht a rangú, i gcomhréir leis an gcóras rangaithe ábharthách mar seo a leanas

Cód NACE
*nóta a hocht déag* ☐☐ – ☐☐

**Agus gurb é** nádúr ginearálta na gníomhaíochta: *nóta a naoi déag*

Nó (b)**nach féidir** an ghníomhaíocht a rangú ar an mbealach sin ach gur seo cur síos cruinn air: *nóta a naoi déag*

**Dearbhaím ina theannta sin** gurb í an áit nó na háiteanna sa Stát a bhfuil i gceist tabhairt faoin ngníomhaíocht seo ná: *nóta a fiche*

**agus gurb í an** áit a ndéanfar riarachán lárnach na cuideachta a riar go hiondúil ná: *nóta a fiche*

**Dearbhaím chomh maith go bhfuil an méid seo a leanas amhlaidh:**

1. De bhun Airteagal 32(2) de Rialachán 2157/2001/CE ón gComhairle (an "Rialachán"), dhréachtaigh na cuideachtaí seolta réamhluaite na dréacht-téarmaí bunaithe agus rinne gach ceann de na cuideachtaí sin iad a phoibliú de bhun an Rialacháin seo agus de bhun ceanglas ar bith de chuid Bhallstát na cuideachta seolta ar an: *nóta a fiche haon*

*lean ar aghaidh*

2. De bhun Airteagal 32(4) agus (5) dréachtaíodh an tuarascáil nó na tuarascálacha ar an

| |
|---|
| |

ag:

| |
|---|
| |

3. Ag cruinniú nó cruinnithe ginearálta na gcuideachtaí seolta réamhluaite : *nóta a ceathair déag*

☐ níor forchoimeádadh an ceart chun clárú an SE atá beartaithe a bheith ag brath ar a dhaingniú sainráite ar na socruithe um rannpháirtíocht fostaithe de bhun Threoir 2001/86/CE; nó

☐ forchoimeádadh an ceart chun clárú an SE atá beartaithe a bheith ag brath ar a dhaingniú sainráite ar na socruithe um rannpháirtíocht fostaithe de bhun Threoir 2001/86/CE. Ag na cruinnithe ginearálta de chuid na gcuideachtaí seolta sin, daingníodh an socrú um rannpháirtíocht na fostaithe ar an:

| Cuideachta seolta | Dáta |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |

4. De bhun Airteagal 33 den Rialachán, tugadh trí mhí do scairshealbhóirí na gcuideachtaí seolta réamhluaite atá ag seoladh an bhunaithe, ón dáta ar ar cinneadh go críochnaitheach na téarmaí do bhunú an SE atá beartaithe, chun a chur in iúl do na cuideachtaí seolta cibé an bhfuil sé ar intinn acu a gcuid scaireanna a shannadh nó nach bhfuil.

5. Shann scairshealbhóirí na cuideachta nó na gcuideachtaí agus/nó an SE nó na SEanna seolta réamhluaite an cion íosta scaireanna i ngach cuideachta de bhun na ndréacht-téarmaí bunaithe.

6. De bhun Airteagal 2(2) den Rialachán, maidir leis na cuideachtaí seolta réamhluaite, tá a n-oifigí cláraithe agus a gceannoifigí laistigh den Chomhphobal, nó i gcás nach bhfuil ceannoifig cuideachta seolta sa Chomhphobal, bunaíodh í faoi dhlí Ballstáit, tá a hoifig chláraithe sa Bhallstát sin agus tá nasc réadach agus leanúnach aici le geilleagar Ballstáit, agus is amhlaidh, i gcás gach ceann de dhá cheann ar a laghad de na cuideachtaí seolta: *nóta ceathair déag*

☐ go bhfuil sí faoi rialú ag dlí de chuid Ballstáit eile, nó

☐ go bhfuil aici, le dhá bhliain ar a laghad, fochuideachta arna rialú ag dlí Ballstáit eile nó brainse atá suite i mBallstát eile.

**Dearbhaím freisin go bhfuil an fhoirm seo comhlánaithe go hiomlán agus go cruinn**

Síniú an dearbhóra ainm mar atá ar bharr an leathanaigh

______________________________ An ____________ lá de ______________ 20 _____

## NÓTAÍ COMHLÁNÚCHÁIN FHOIRM SE2
## Ba chóir na nótaí seo a léamh i gcomhar leis an reachtaíocht ábhartha.

***Ginearálta***

Ní mór an fhoirm seo a chomhlánú i gceart, ina hiomláine agus de réir na nótaí seo a leanas. Ní mór gach mír den fhoirm a chomhlánú. Cuir isteach 'Ní bhaineann le hábhar', 'níl' nó 'níl aon cheann' nuair is cuí sin. I gcásanna a bhfuil ˜/__ priontáilte, cuir isteach/scrios de réir mar is cuí. Sa chás go bhfuil /_ i gceist, tabhair an t-airgeadra ábhartha, sa chás nach euro atá i gceist.

Má mheastar nach leor an spás atá ar fáil ar Fhoirm SE2, ba chóir an fhaisnéis a thabhairt ar bhileog leantach san fhormáid chéanna agus atá sa mhír ábhartha den fhoirm. Má bhaintear úsáid as bileog leantach, ní mór é sin a chur in iúl sa mhír ábhartha.

Is Stát LEE ann ná Stát atá páirt á ghlacadh aige i gComhaontú an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch, a síníodh in Oporto an 2 Bealtaine 1992, arna coigeartú ag an bPrótacal a síníodh sa Bhruiséil an 17 Márta 1993, agus aon leasuithe ina dhiaidh sin.

***nóta a haon***

Ní mór an t-ainm atá beartaithe a thabhairt ina iomláine agus féadfaidh an giorrúchán SE a bheith roimhe nó ina dhiaidh. Ní mór an t-ainm atá beartaithe a bheith díreach mar an gcéanna leis an ainm SE atá tugtha ar na doiciméid a ghabhann leis seo.

***nóta a dó***

Caithfear seoladh poist iomlán sa Stát a thabhairt inar féidir leis an tseirbhís poist post a sheachadadh go réidh. Ní leor Bosca in Oifig an Phoist. Má tá seoladh na hoifige cláraithe curtha faoi chúram Gníomhaire Oifigí Cláraithe atá údaraithe ag an CRO, ní dhéanfaí an fhoirm B2 a chomhlánú as seo amach ach amháin chun fógra a thabhairt maidir le deireadh le ceapachán an Ghníomhaire Oifigí Cláraithe.

***nóta a trí***

Tabhair sonraí dheireadh na bliana airgeadais atá beartaithe le do thoil. De bhun Rialachán 33, sannfaidh an cláraitheoir don SE dáta tuairisceáin bhliantúil chun críocha alt 343 d'Acht na gCuideachtaí 2014 agus beidh aird ag an gcláraitheoir sa chomhthéacs sin ar dheireadh bliana airgeadais an SE.

***nóta a ceathair***

Cuir isteach ainm iomlán (ní leor túslitreacha) agus gnáthsheoladh cónaitheach. I gcás inar gnólacht an rúnaí, ba chóir ainm an ghnólachta agus seoladh cláraithe a thabhairt. I gcás ina bhfuil duine ag síniú ar son cuideachta atá ina rúnaí, ba chóir dó/di a rá go bhfuil sé/sí ag síniú ar son cuideachta atá ag gníomhú mar rúnaí. Ba chóir a (h)ainm a phriontáil i gcló trom nó a chlóscríobh faoin síniú.Ní cheapfar aon duine ina stiúrthóir nó ina rúnaí mura bhfuil 18 bliana d'aois slánaithe aige nó aici. (a.131. CA 2014).

***nóta a cúig***

Ní cheapfar aon duine ina stiúrthóir nó ina rúnaí mura bhfuil 18 bliana d'aois slánaithe aige nó aici. (a.131. CA 2014). Ní mór aon chéadainm agus slounne roimhe seo a thabhairt. Mar sin féin ní áirítear an méid seo a leanas: (a) I gcás duine ar a dtugtar teideal eile óna s(h)loinne, an t-ainm a tugadh air/uirthi roimhe sin; (b) i gcás aon duine, ainm nó sloinne roimhe sin i gcás gur athraíodh nó nár úsáideadh an t-ainm nó an sloinne sular bhain an té i gceist 18 mbliana amach nó gur athraíodh nó nár úsáideadh an t-ainm sin ar feadh 20 bliain ar a laghad; (c) sa chás inar duine pósta nó páirtí sibhialta atá i gceist, an t-ainm nó an sloinne lenar aithníodh é nó í roimh an bpósadh nó roimh an bpáirtnéireacht shibhialta.

***nóta a sé***

Caithfidh an duine atá ag cur na foirme iarratais isteach ag an gCláraitheoir an chuid seo a líonadh. Féadfaidh an t-iarrthóir féin nó duine ag gníomhú ar a s(h)on é seo a dhéanamh.

***nóta a seacht***

I gcás ina mbeidh duine a thoiligh a bheith ina stiúrthóir ar an gcuideachta seo dícháilithe faoi láthair faoi dhlí stáit eile ó bheith ceaptha mar stiúrthóir nó mar rúnaí nó ó ghníomhú mar stiúrthóir nó mar rúnaí ar chomhlacht corpraithe nó gnóthas, caithfidh sé/sí Foirm B74 a líonadh agus a sheoladh chuig an CRO le Foirm SE1. Ar shlí eile measfar é/í a bheith dícháilithe ó ghníomhú mar stiúrthóir ar chuideachta cláraithe in Éirinn don chuid eile dá dhícháiliú. Ciallaíonn 'scáthstiúrthóir' duine a ngníomhaíonn stiúrthóirí cuideachta de réir a t(h)reoracha de ghnáth.

***nóta a hocht***

Ní mór ar a laghad beirt stiúrthóirí a bheith ag gach Societas Europaea. Caithfidh gach cuideachta stiúrthóir iomlán amháin ina c(h)ónaí i mballStát den Limisteár Eorpach Eacnamaíoch (LEE) nó banna de bhun alt 137 d'Acht na gCuideachtaí 2014 a bheith aici. Tabhair faoi deara nach leor stiúrthóir ionaid ina c(h)ónaí in Stát LEE chun críche alt 137 den Acht sin. Cuir tic sa bhosca "cónaitheoir LEE" má tá an stiúrthóir ag cónaí sa mballStát de réir alt 137 d'Acht 2014. Mura bhfuil aon stiúrthóir iomlán ina c(h)ónaí amhlaidh, caithfear banna bailí a chur isteach leis an iarratas. Chun tuilleadh faisnéise a fháil ar an mbanna, féach Duillín Faisnéise an CRO Uimh. 17.

***nóta a naoi***

Cuir tic sa bhosca má stiúrthóir ionadach/ionaid an stiúrthóir ceaptha. I gcás ina mbeidh an bosca ticeáilte, caithfear ainm an stiúrthóra iomláin a cheapfaidh an stiúrthóir ionadach/ionaid a chur isteach sa spás folamh freisin. Má cheadaíonn airteagail na cuideachta amhlaidh agus faoi réir na n-airteagal sin a chomhlíonadh, féadfaidh stiúrthóir duine a cheapfaidh mar stiúrthóir ionadach/ionaid ar a s(h)on. Cuirfidh an chuideachta in iúl don CRO má cheaptar duine le gníomhú mar stiúrthóir, is cuma cén cineál ceapacháin atá i gceist. Tá oibleagáid reachtúil ar an gcuideachta a chur in iúl don CRO má chuirtear duine le clár na stiúrthóirí nó má bhaintear duine de. I gcás go stopfaidh stiúrthóir iomlán a cheap stiúrthóir ionadach de ghníomhú mar stiúrthóir, caithfidh an chuideachta a chur in iúl don CRO gur stop ceapacháin an stiúrthóra iomláin agus a (h) ionadaí. Tabhair faoi deara: Ní ghlacann CRO aon fhreagracht as an nasc idir an stiúrthóir iomlán agus a (h) ionadaí a chothú.

***nóta a deich***

Tabhair ainm na cuideachta agus líon na gcomhlachtaí corpraithe, más ionchorpraithe sa Stát nó in áit eile atá siad, a bhfuil nó a raibh an duine ina stiúrthóir orthu. Déantar eisceachtaí ar an rial seo do chomhlachtaí (a) nach

raibh an duine ina stiúrthóir orthu tráth ar bith le 5 mbliana anuas; (b) a raibh an chuideachta (nó a raibh ag an am cuí) ina fochuideachta faoi úinéireacht iomlán; (c) atá ina bhfochuideachtaí (nó a bhí ag an am cuí) faoi úinéireacht iomlán den chuideachta. De bhun alt 142 d'Acht na gCuideachtaí 2014, ní bheidh duine ag aon am ar leith ina stiúrthóir ar os cionn 25 cuideachta. Mar sin féin, faoi alt 142(3) den Acht, ní féidir stiúrthóirí áirithe a áireamh chun críocha alt 142(1).

***nóta a haon déag*** Caithfidh na rannpháirtithe sa chuid seo freagairt do rannpháirtithe an mheamraim a théann leis seo agus na hairteagail chomhlachais seachas nuair a shíníonn gníomhaire an chuid seo ar son an rannpháirtí/na rannpháirtithe. Nuair nach bhfuil dóthain spáis ann, caithfear na sínithe a chur ar bhileog leanúnach eile san fhormáid chéanna leis an gcuid seo.

***nóta a dó dhéag*** Nuair is infheidhme, caithfidh na sonraí freagairt díreach mar a chéile leis na sonraí faoi sciaranna de réir an bunreacht a théann leis. Ní mór an scairchaipiteal a shloinneadh in euro agus ní mór nach lú an scairchaipiteal suibscríofa ná €120,000.

***nóta a trí déag*** Léirigh airgead tirim nó stoc.

***nóta a ceathair déag*** Cuir tic sa bhosca cuí.

***nóta a cúig déag*** Níl sé seo de dhíth ach amháin i gcás cearta coimeádta faoi Airteagal 32(6).

***nóta a sé déag*** Is éard atá sa dearbhú ná dearbhú ar chomhlíonadh leis na riachtanais dlíthiúla ar fad a bhaineann le hionchorprú cuideachta. Mar gheall go ndeimhníonn an dearbhú go bhfuil gach riachtanas clárúcháin eile comhlíonta, caithfear é a shíniú nuair a bheidh an fhoirm críochnaithe ina hiomláine, mar sin ní fhéadfaidh dáta an dearbhúcháin teacht roimh dátaí sínithe eile ar an bhfoirm agus ar mheamram agus airteagail chomhlachais a théann leis.

***nóta a seacht déag*** Ní mór don dlíodóir a bheith i dteideal gabháil dá chuid/cuid gníomhaíochtaí gairmiúla faoi cheann de na hainmníochtaí atá leagtha síos i dTreoir 77/249/CEE ón gComhairle nó i dTreoir 98/5/CE ón gComhairle.

***nóta a hocht déag*** Is é an bunús céanna do rangú staitistiúil ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha san A.E. ná an cód NACE. Tá an cód le fáil ar www.cro.ie. Caithfidh an cód 4 dhigit NACE agus na gníomhaíochtaí teacht le príomhchuspóir beartaithe na cuideachta sa mheamram comhlachais a théann leis. I gcás ina mbeidh dhá ghníomhaíocht nó níos mó, tabhair sonraí maidir leis an bpríomhghníomhaíocht sa Stát.

***nóta a naoi déag*** Mar gheall gur féidir gach gníomhaíocht a aicmiú faoi chód NACE, is beag ga a bheidh le (b) a líonadh.

***nóta a fiche*** Caithfear seoladh iomlán poist a thabhairt. Ní leor Bosca in Oifig an Phoist. Is ionann an áit ina ndéanfar riarachán lárnach an SE de ghnáth agus ceannoifig an SE.

***nóta a fiche a haon*** Tabhair an dáta maidir le gach cuideachta seolta le do thoil.

## Tuilleadh faisnéise

**Athruithe** I ndiaidh clárúcháin, caithfidh tú a chur in iúl don CRO má thagann aon athrú ar shonraí na cuideachta cláraithe. Is iad seo a leanas na príomhfhoirmeacha críochnaithe agus seolta ag an CRO (chun liosta iomlán a fháil téigh go dtí www.cro.ie):

| | |
|---|---|
| B2 | Fógra maidir le hathrú ar shuíomh na hoifige cláraithe |
| B10 | Fógra maidir le hathrú ar stiúrthóirí nó rúnaithe nó a sonraí |
| G1Q/G1 | Athrú ar ainm cuideachta |

**Seoladh CRO** Oifig Poiblí: Teach Bloom, Plás Gloucester Íochtarach, Baile Átha Cliath 1.

Nuair a bheidh an fhoirm comhlánaithe agus sínithe agat, seol ar aghaidh í le do thoil leis an táille forordaithe chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí ag: **Teach Bloom, Plás Gloucester Íochtarach, Baile Átha Cliath 1.**

**Íocaíocht** Má bhíonn tú ag íoc le seic, ordú poist nó dréacht bainc, íoc an táille leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí. Caithfidh seiceanna nó dréachtaí bainc a bheith ag teacht ó bhanc i bPoblacht na hÉireann.

**Déan staidéar le do thoil ar na nótaí míniúcháin ar an gcéad leathanach eile. Foirm SE2 nach bhfuil críochnaithe i gceart nó nach bhfuil na cáipéisí nó na táillí cearta ag dul leis cuirfidh an CRO ar ais í chuig an té a sheol í.**

**TÁ FAISNÉIS BHREISE MAIDIR LE FOIRM SE2 A CHRÍOCHNÚ, LENA N-ÁIRÍTEAR AN TÁILLE FHORORDAITHE, A FHÁIL FÉACH www.cro.ie NÓ AR RÍOMHPPHOST info@cro.ie**